



## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

# AN BORD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL) MENTAL HEALTH (CRIMINAL LAW) REVIEW BOARD

---

An Bord Athbheithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)  
Cúirt Montague  
Sráid Montague  
Baile Átha Cliath 2  
D02 FT96  
Teileafón: (01) 4768602  
Ríomhphoist: [info@mhclrb.ie](mailto:info@mhclrb.ie)  
Láithreán gréasáin: [www.mhclrb.ie](http://www.mhclrb.ie)

# CLÁR ÁBHAR

## LEATHANACH

1.	Brollach leis an gCathaoirleach .....	3
2.	Feidhm an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) ...	6
3.	Athbhreithnithe a rinne an Bord .....	6
4.	An Cion nó an Cion Líomhnaithe is Tromchúisí .....	8
5.	Orduithe Scaoilte .....	9
6.	Scéim an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil).....	10
7.	Imeachtaí Dlí .....	11
8.	Faisnéis Airgeadais .....	11
9.	Soláthar .....	12
10.	Nochtadh Cosanta .....	12
11.	Rialachas agus Rialuithe Inmheánacha .....	12

## AGUISÍNÍ

Aguisín A -	Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa 2018/2017 .....	17
Aguisín B -	Líon na nOthar a Athbhreithníodh de réir Diagnóise in 2018/2017.....	18
Aguisín C -	Líon na nÉisteachtaí de réir Shaghas an Athbhreithnithe in 2018/2017 .....	19
Aguisín D -	Líon na nÉisteachtaí in 2018/2017 in aghaidh an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú .....	20
Aguisín E -	Meánlíon na gCásanna Sannta d'Ionadaithe Dlí ar an bPainéal um Chúnaimh Dlí in 2018/2017 .....	21
Aguisín F -	Líon na nOthar a Scaoileadh go Coinníollach in 2018/2017 .....	22
Aguisín G -	An Cion nó an Cion Líomhnaithe is Tromchúisí .....	23

## **1. BROLLACH LEIS AN gCATHAOIRLEACH**

Is cúis áthais dom arís Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) a chur i láthair. Is í seo an 12ú Tuarascáil Bhliantúil leis an mBord ina leagtar amach gníomhaíochtaí an Bhoird le linn na bliana 2018.

Sa bhliain 2018, chuir an Bord 188 éisteacht athbhreithnithe ar siúl maidir le coinneáil na n-othar a coinníodh sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, i gcomparáid le 187 sa bhliain roimhe sin. Tháinig méadú beag ar líon na n-othar a ndearna an Bord a gcoinneáil a athbhreithniú, ó 83 in 2017 go dtí 89. As na 89 othar, deonaíodh scaoileadh ar choinníoll do sheisear. Mar chomparáid leis sin, cheadaigh an Bord ceithre scaoileadh ar choinníoll in 2017.

I rith na tréimhse tuairiscithe, lean an Bord ar aghaidh leis an 28ú, an 29ú agus an 30ú hathbhreithniú a chur ar bun maidir le coinneáil roinnt othar.

Chomh maith le coinneáil na n-othar a athbhreithniú, chuir an Bord éisteachtaí ar siúl le súil a chaitheamh ar iarratais ar scaoileadh gan choinníoll ar glacadh leo ó othair a bhí scaoilte ar choinníoll ar feadh 12 mhí nó níos mó. Fuarthas trí iarratas den chineál sin sa bhliain 2018 agus bhí iarratas amháin nár próiseáladh ón bhliain roimhe sin. As na trí iarratas a fuarthas, faomhadh scaoileadh gan choinníoll amháin, diúltaíodh d'iarratas amháin agus cuireadh iarratas amháin ar athlá lena plé a thuilleadh sa bhliain 2019. Chuir an Bord an t-iarratas a tugadh ar aghaidh ón bhliain 2017 go 2018 ar athlá chomh maith, agus pléifear arís é sa bhliain 2019.

Chomh maith leis na hiarratais ar scaoileadh gan choinníoll, fuair an Bord dhá iarratas chun na coinníollacha a bhain le hothair a scaoileadh a athrú in 2018. Deonaíodh iarratas amháin a fuarthas ó Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar. Diúltaíodh don iarratas eile, a rinneadh thar ceann othair.

Is cúis inní a raibh an Bord ar an eolas faoi, ach a tháinig chun cinn in 2018, é fad an ama nach mór d'othair sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar fanacht le páirt a ghlacadh i roinnt de na cláir theiripeacha. Mar gheall ar éifeacht na moille a bhaineann le páirt a ghlacadh sna cláir sin ar dhul chun cinn na n-othar, luaigh an Bord an cheist sin le Stiúrthóir Cliniciúil an ospidéil. Dúirt an Stiúrthóir Cliniciúil leis an mBord gur ceist acmhainní í seo mar tá ganntanas ball foirne san ospidéal chun na cláir a sholáthar. Ba mhaith leis an mBord béim a leagan ar a thuairim go bhfuil sé tábhachtach go nglacann na hothair páirt ghníomhach i gcláir theiripeacha go tráthúil. Pléann na cláir sin le saincheisteanna tábhachtacha cosúil le hiompar a sháraíonn an dlí, go háirithe i gcomhthéacs ciona innéacs an othair agus conas cosc a chur leis an iompar sin amach anseo; úsáid agus/nó mí-úsáid drugaí agus alcóil agus conas is féidir leis sin cur le meabhairshláinte an othair agus conas cosc a chur le mí-úsáid den chineál sin sa todhchaí; tuiscint othair ar a ngalar, léargas a fháil ar a ngalar agus conas a ngalar a bhainistiú agus cosc a chur le haisiompú amach anseo. Is uirlisí riachtanacha iad na cláir sin go léir a thugann tacaíocht le hothair agus iad ag athshlánú, agus tá súil againn go bhfillfidh na hothair go dtí an pobal le saol sásúil agus fiúntach a bheith acu.

Arís, thar ceann mo chomhghleacaithe, gabhaim buíochas le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar, an tOllamh Harry Kennedy, chomh maith leis an bhfoireann ina bhfuil síciatraithe comhairleacha fóiréinseacha agus foireann

riaracháin, seirbhísí sóisialta agus altranais, as an gcúnamh a thug siad i rith na bliana. Tuigeann an Bord go gcuirtear isteach ar ghnáthamh an ospidéal d'othair agus don fhoireann ar lá na n-éisteachtaí athbhreithnithe, agus táimid buíoch as comhoibriú na ndaoine siúd go léir a raibh páirt acu.

Ba mhaith liom chomh maith buíochas a ghabháil le comhaltaí Phainéal Ionadaithe Dlíthiúla an Bhoird, a leanann le hionadaíocht ábalta agus coinsiasach a dhéanamh d'othair a thagann os comhair an Bhoird le go ndéanfar athbhreithniú ar a gcoinneáil. Mar gheall ar a dtinneas, ní féidir le go leor othar labhairt ar a son féin agus tacaíonn a n-ionadaithe dlí leo de réir a sainchúraim agus déanann siad i bhfad níos mó ná sin. Tá an Bord fíorbhuíoch as sin.

Ar deireadh, gabhaim buíochas leis an Uasal Greg Heylin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tUasal Catherine Hayes agus an tUasal Ann Casey as an obair a rinne siad i rith na bliana.

**Iarfhlaithe O'Neill**  
**Cathaoirleach**

**Márta 2019**

## **2. FEIDHM AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)**

Ba le hAlt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006 a bunaíodh an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), a tháinig i bhfeidhm an 27 Meán Fómhair 2006. Tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil na n-othar a atreoraíodh chuig lárionaid ainmnithe mar gheall ar chinneadh a rinne na cúirteanna nach inniúil iad ar a dtrial a sheasamh nó a fuarthas ciontach i gcion de bharr na gealtachta iad. Is leis an mBord an chumhacht faoin Acht 2006, mar a leasaigh an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2010, chun coinneáil leanúnach na n-othar a ordú nó chun a scaoileadh ar choinníoll nó go neamhchoinníollach a ordú, ag féachaint do leas an othair agus do leas an phobail. Déanann an Bord athbhreithniú ar choinneáil na bpríosúnach, príosúnaigh mhíleata san áireamh, a aistríodh chuig ionad sannaithe agus neamhord meabhrach orthu. Is féidir leis an mBord a gcoinneáil leanúnach in ionad sannaithe a ordú nó a bhfillleadh ar an bpríosún a ordú. Tá an Bord neamhspleách go reachtúil i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. Is é an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar an t-aon lárionad ainmnithe faoi láthair faoin Acht 2006.

## **3. ATHBHREITHNITHE A RINNE AN BORD**

Ag am ar bith tá thart ar 80 othar coinnithe san Ospidéal Meabhrach Lárnach faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, arna leasú. Athraíonn an líon sin mar déantar othair, seachas na hothair atá á gcoinneáil ar feadh tréimhse níos faide, a aistriú ó phríosún, bíodh sé lena dtoiliú nó go neamhdheonach, le haghaidh cúraim nó cóireála nach bhfuil ar fáil dóibh sa phríosún. Ach d'fhéadfaí nach ndéanfadh an Bord an choinneáil de roinnt de na hothair sin sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar a athbhreithniú mar d'aistrigh an Stiúrthóir Cliniciúil iad ar ais chuig an bpríosún sula

ndearnadh éisteacht athbhreithnithe. De ghnáth, cuirtear an éisteacht sin ar siúl ceithre nó cúig mhí tar éis don othar glacadh isteach san ospidéal.

Ní mór don Bhord coinneáil gach othar a athbhreithniú ag eatrainmh nach giorra ná sé mhí. Mar sin, cuirtear dhá éisteacht athbhreithnithe ar siúl i leith othair fhadtéarmacha gach bliain. Is féidir leis an mBord athbhreithniú a sceidealú dá thionscnamh féin lasmuigh de na héisteachtaí a sceidealaítear ar bhonn rialta, de réir mar a mheasfaidh sé is cuí. Is féidir le hothar nó le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar athbhreithniú a iarraidh chomh maith. Is féidir leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais treoir a thabhairt don Bhord chun athbhreithniú a dhéanamh maidir le coinneáil phríosúnaigh atá san ospidéal go neamhdheonach.

Le linn na bliana 2018, rinneadh coinneáil 89 othar a athbhreithniú i gcomparáid le 83 sa bhliain 2017, arb ionann é sin agus méadú 7% ar líon na n-othar a ndearna an Bord athbhreithniú ar a gcoinneáil. As na 89 othar, ba mhná iad 10 nó 11% díobh agus b'fhir iad 79 nó 89% díobh. Reáchtáladh 188 éisteacht athbhreithnithe san iomlán, i gcomparáid le 187 sa bhliain roimhe sin. As na 89 othar, bhí diagnóisiú leis an scitsifréine le 67% acu, bhí 17% acu ag fulaingt leis an neamhord scitseamhothachtálach, agus bhí diagnóis le neamhoird eile ag 16% acu. Tá na céatadáin do gach diagnóis d'othair a ndearnadh athbhreithniú ar a gcoinneáil in 2018 mar an gcéanna leis na céatadáin don bhliain 2017. Ba cheart tabhairt faoi deara go ndéanann an Bord athbhreithniú ar an ngrúpa céanna othar gach bliain den chuid is mó. (Tagraítear dó seo in Aguisín A agus B).

Rinne an Bord, den chéad uair, an 28ú, 29ú agus an 30ú hathbhreithniú ar choinneáil roinnt othar in 2018. As na 188 éisteacht athbhreithnithe, bhí an 28ú hathbhreithniú

i gceist le 10 gcinn díobh, bhí an 29ú hathbhreithniú i gceist le cúig chinn díobh agus bhí an 30ú hathbhreithniú i gceist le ceann amháin díobh. Bhí 9% de na héisteachtaí, ar an iomlán, idir an 28ú agus an 30ú céim athbhreithnithe. Bhí 27% de na héisteachtaí ag idir an 1ú agus an 5ú céim athbhreithnithe, i gcomparáid le 29% in 2017. Astu seo, rinneadh an chéad athbhreithniú ar 13 chás nó 7%, i gcomparáid le 2017 nuair a rinneadh 15 athbhreithniú den sórt sin, arbh ionann é sin agus 8% den iomlán. (Tagraítear dó seo in Aguisín C).

Bhain móramh na n-éisteachtaí athbhreithnithe le hothair a cuireadh chun an Phríomh-Ospidéal Mheabhair-Ghalar faoi Alt 5(2) den Acht 2006, tar éis cinneadh a bheith déanta nach bhfuil siad ciontach i gcion de bhrí na gealtachta. Sa bhliain 2018, bhain 144 éisteacht, arb ionann é sin agus 76% den líon iomlán, le coinneáil othar a cuireadh faoi Alt 5(2). Ba ionann an líon faoin chatagóir sin sa bhliain 2017 agus 135, arb ionann é sin agus 72% de líon iomlán na n-éisteachtaí an bhliain sin. Arís eile in 2018, rinneadh an dara líon ba mhó d'éisteachtaí athbhreithnithe a chur ar bun d'othair a bhí á gcoinneáil faoi Alt 15(2) den Acht, ar príosúnaigh iad a aistríodh go neamhdheonach chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar ar mhaithe le cúram nó cóireáil nárbh fhéidir a chur ar fáil sa phríosún. Ba ionann an grúpa seo agus 13% de na héisteachtaí athbhreithnithe in 2018, i gcomparáid le 17% in 2017. (Tagraítear dó seo in Aguisín D).

#### **4. AN CION NÓ AN CION LÍOMHNAITHE IS TROMCHÚISÍ**

Áiríodh leis na cionta, nó leis na cionta líomhnaithe, lenar cúisíodh nó lenar ciontaíodh na hothair a choinnítear sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar sa bhliain 2018 an dúnmharú, iarracht ar dhúnmharú, dúnorgain, ionsaí is cúis le díobháil thromchúiseach choirp, agus coirloscadh. As na 89 othar ar athbhreithnigh an Bord



a gcoinneáil, rinneadh 37 díobh a chúiseamh, nó a chiontú, i ndúnmharú. Ba dhaoine muinteartha leis an othar móramh na n-íospartach den chion seo, nó den chion líomhnaithe seo. Cúisíodh nó ciontaíodh 10 n-othar san iomlán le hiarracht ar dhúnmharú/dúnorgain/marú trí thiomáint chontúirteach. Cúisíodh nó ciontaíodh 26 othar le hionsaí is cúis le díobháil/díobháil thromchúiseach choirp agus 5 acu le coirloscadh. Áiríodh leis na cionta eile ionsaí gnéasach, bagairt chun marú, ciapadh, srianadh neamhdhleathach, iarracht ar leanbh a fhuadach, treaspás a dhéanamh agus seilbh ar scian leis an rún díobháil a dhéanamh, seilbh ar sceana agus imeaglú, agus bagairt stáisiún Gardaí a chur trí thine. (Tagraítear dó seo in Aguisín G).

## 5. **ORDUITHE SCAOILTE**

Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'fhaomh an Bord scaoileadh ar choinníoll seisear othar ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, i gcomparáid le ceathrar in 2017. Ba ionann meánachar na coinneála san ospidéal do na hothair a scaoileadh ar choinníoll agus 10 mbliana. Bhain 4 bliana, ar an méan, leis an dá fhad ba ghiorra agus ba ionann an dá fhad ab fhaide agus 15 bliana, ar an méan. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach foras riachtanach ná leordhóthanach é an t-achar a choinnítear othar, ann féin, chun scaoileadh ar choinníoll a dheonú. (Tagraítear dó seo in Aguisín F).

Glacadh le trí iarratas ar scaoileadh gan choinníoll in 2018 ó othair a bhí scaoilte ar choinníoll ar feadh 12 mhí nó níos mó. Astu sin, dheonaigh an Bord scaoileadh gan choinníoll amháin agus dhiúltaigh sé do cheann amháin. Rinneadh an tríú hiarratas a chur ar athlá lena phlé sa bhliain 2019. Chomh maith leis sin, rinne an Bord iarratas ar scaoileadh gan choinníoll, a tógadh ar aghaidh go dtí 2018 ón bhliain roimhe sin, a chur ar athlá arís.

Anuas ar na hiarratais ar scaoileadh gan choinníoll, ghlac an Bord le dhá iarratas ar choinníollacha na nOrduithe Scaoilte ar Choinníoll a athrú nó a leasú. Glacadh le hiarratas amháin ó Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar agus glacadh leis an gceann eile thar ceann othair. Dheonaigh an Bord an leasú a d'iarr an Stiúrthóir Cliniciúil agus dhiúltaigh an Bord don leasú a d'iarr an t-othar.

6. **SCÉIM AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)**

Ceanglaítear ar an mBord Athbhreithnithe faoi Alt 12(1)(c) d'Acht 2006 chun ionadaí dlíthiúil a shannadh do gach othar a dtagann a gcoinneáil faoi athbhreithniú, mura molann an t-othar chun ionadaíocht dhlíthiúil a fhostú dá n-acmhainn féin. Chuige sin, chuir an Bord Scéim um Chúnadh Dlí (Dlí Coiriúil) don Mheabhairshláinte, 2006 i bhfeidhm, faoinar bunaíodh Painéal ionadaithe dlíthiúla. Féadann na hothair diúltú do sheirbhís aturnae shannta ón bPainéal más mian leo, agus aturnae éigin eile a iarraidh ón bPainéal, nó is féidir leo aturnae neamh-Phainéil a fhostú dá n-acmhainn féin. Ar mhaithe leis an leanúnachas, ag féachaint don chaoi a bhfuil neamhord meabhrach ar na hothair, féachann an Bord chun an t-aturnae céanna a shannadh chun feidhmiú mar ionadaí othair i gcomhair éisteachtaí athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

Ag tús na bliana 2018, bhí 25 aturnae ar an bPainéal Ionadaithe Dlíthiúla. D'éirigh aturnae amháin as i mbliana agus cuireadh dhá aturnae leis an bPainéal. Fágann sé sin go bhfuil 26 ar an bpainéal ag deireadh na bliana 2018.

Ba ionann meánlíon na gcásanna a sannadh d'aturnaetha ar an bPainéal in 2018 agus 7. Sannadh 13 chás, ar an meán, don cheathairíl is airde aturnaetha, i

gcomparáid le 11 in 2017. Sannadh 8 gcás, ar an meán, don dara agus don tríú ceathairíl le chéile, arb ionann é sin agus an líon céanna an bhliain seo caite. Sannadh cás amháin an duine, ar an meán, don bhuncheathairíl, i gcomparáid le dhá cheann in 2017. Cuirtear an ball a d'éirigh as san áireamh sna figiúirí don bhliain 2018, mar rinne sé ionadaíocht do chliaint le linn na bliana. (Tagraítear dó seo in Aguisín E).

## 7. **IMEACHTAÍ DLÍ**

Faoi mar a tuairiscíodh anuraidh, chuir an t-iarratasóir in imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh achomharc faoi bhráid na Cúirte Achomhairc in aghaidh Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar (***MC v. an Stiúrthóir Cliniciúil, Bord Athbhreithnithe an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar (an Dlí Coiriúil) (Páirtí Fógra)***). Éisteadh leis an achomharc i Samhain 2018 agus thug an Breitheamh Uasal Peart breithiúnas ar an 18 Eanáir 2019. D'aontaigh an Chúirt Achomhairc leis an Ard-Chúirt go raibh na himeachtaí neamhábhartha. Thrácht an Chúirt, agus roinnt treorach á cur ar fáil aici, gur léir go bhfuil neamhréir ann idir Alt 13A(1) agus Alt 13A(2) den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú, agus dúirt sí go gcaithfear fanacht le cás ann nach bhfuil an chonspóid neamhábhartha aige go dtí go mbainfear an chiall dheiridh as Alt 13A.

## 8. **FAISNÉIS AIRGEADAIS**

Maoinítear an Bord Athbhreithnithe ó fhotheideal B.10 de Vóta Oifige an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. In 2018, fuair an Bord Athbhreithnithe leithdháileadh buiséid €400,000. Ba ionann caiteachas iomlán an Bhoird in 2018 agus €414,149.

Cloíonn an Bord Athbhreithnithe leis an gCód Caiteachais Phoiblí. Is iad seo a leanas na príomhearraí caiteachais:

Cúnamh Díl Saor in Aisce	€113,691
Táillí comhaltaí Boird	*€107,500
Pá	€101,000
Táille an Chathaoirligh	€70,875
Costais dlí	€20,449

\*Áirítear leis seo táillí do Nollaig 2017 a íocadh in Eanáir 2018.

Ní áirítear leis seo táillí do Nollaig 2018 a íocadh in Eanáir 2019.

Áirítear leis seo na táillí go léir don Dr. Brown don bhliain 2017, mar níor íocadh léi in 2017 mar gheall ar an moill chun í a shocrú ar an gcóras párolla.

## 9. **SOLÁTHAR**

### **Tairiscintí do Sheirbhísí Ateangaireachta ag Éisteachtaí Athbhreithnithe**

D'eisigh an Bord Athbhreithnithe naoi dtairiscint uair amháin trí ríomhphoist in 2018 le seirbhísí ateangaireachta a sholáthar ag éisteachtaí athbhreithnithe.

## 10. **NOCHTADH COSANTA**

Ghlac an Bord Athbhreithnithe le Beartas um Nochtadh Cosanta na Roinne Díl agus Cirt agus Comhionannais mar a beartas um nochtadh cosanta san ionad oibre. Ar aon dul le riachtanais tuairiscithe, deimhnítear nach bhfuarthas aon tuairiscí um nochtadh cosanta in 2018.

## 11. **RIALACHAS AGUS RIALUITHE INMHEÁNACHA**

### **Struchtúr agus Ballraíocht an Bhoird Athbhreithnithe**

Comhlacht garbhreithiúnach is ea an Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte (an Díl Coiriúil) a athbhreithníonn coinneáil othar a choinnítear sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoin Acht um an Díl Coiriúil (Gealtacht) 2006. Ní bord rialachais é an Bord Athbhreithnithe. Is éard atá sa Bhord ná Cathaoirleach agus líon ar bith de

ghnáthchomhaltaí a fhéadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a éileamh i ndiaidh dó/di dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte. Breitheamh san Ard-Chúirt atá imithe ar scor atá sa Chathaoirleach reatha agus tá triúr gnáthchomhalta ann, ar síciatraithe comhairleacha iad beirt díobh agus ar síciteiripeoir comhairleora duine amháin díobh. Ceapann an tAire na comhaltaí Boird ar feadh tréimhse cúig bliana, faoi mar a fhoráiltear san Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006. Leagtar amach thíos ballraíocht an Bhoird in 2018 agus an dáta ar ar ceapadh na comhaltaí:

<b>Comhalta</b>	<b>Dáta Ceaptha</b>
An Breitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill	Meán Fómhair 2014
An Dr. Katherine Brown, Síciatraí Comhairleach	Bealtaine 2017
An tUasal Nora McGarry, Síciteiripeoir Comhairleach	Meán Fómhair 2011 Ceaptha arís i Meán Fómhair 2016
An Dr. Elizabeth Walsh, Síciatraí Comhairleach	Eanáir 2013 Ceaptha arís in Eanáir 2018

### **Freastal ar Éisteachtaí agus Táillí**

Ní chruinníonn an Bord Athbhreithnithe le chéile ach amháin le haghaidh éisteachtaí sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar. Nuair atá athbhreithniú á dhéanamh ar choinneáil othar, suíonn an Bord i bpainéal triúir, agus bíonn an Cathaoirleach agus síciatraí comhairleach amháin, ar a laghad, ar an bpainéal i gcónaí.

Íoctar táille €250 in aghaidh na héisteachta le gnáthchomhaltaí do gach éisteacht athbhreithnithe ar a bhfreastalaíonn siad. Íoctar an táille chéanna chun freastal ar éisteachtaí a bhaineann le hiarratais ar scaoileadh neamhchoinníollach agus iarratais ar choinníollacha scaoilte a athrú nó a leasú. Sa bhliain 2018, d'fhreastail gach comhalta boird ar na héisteachtaí siúd a raibh siad sceidealaithe le freastal orthu. D'fhreastail an Dr. Brown ar 116 éisteacht, d'fhreastail an tUasal McGarry ar 196 éisteacht agus d'fhreastail an Dr. Walsh ar 80 éisteacht.

Déanann an Cathaoirleach cathaoirleacht ar gach éisteacht athbhreithnithe agus gach éisteacht chun breithniú a dhéanamh ar iarratais ar scaoileadh neamhchoinníollach agus iarratais ar choinníollacha a athrú. Anuas air sin, cuireann an Cathaoirleach comhairle agus treoir ar fáil don phríomhoifigeach feidhmiúcháin maidir le gnó an Bhoird a bhainistiú agus aon chásanna dlí ina bhfuil an Bord mar pháirtí a bhainistiú. Íoctar táille bhliantúil €70,875 leis an gCathaoirleach.

### **Fostaithe**

Is Príomhoifigeach sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird, an tUasal Greg Heylin, agus caitheann sé cuid dá chuid ama le dualgais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin an Bhoird a chomhlíonadh. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as bainistíocht agus riarachán laethúil ghnó agus acmhainní an Bhoird. Ní íoctar tuarastal ar leith leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin don obair a dhéanann sé leis an mBord Athbhreithnithe.

Tacaíonn beirt chomhalta foirne lánaimseartha leis an mBord Athbhreithnithe, Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais, atá ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Státseirbhísigh iad foireann an Bhoird Athbhreithnithe agus íoctar na rátaí pá cuí státseirbhíse leo dá ngrád.

Déanann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe próiseáil ar an bpárolla agus is iad siúd a íocann táillí na gcomhaltaí Boird. Déanann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais próiseáil ar íocaíochtaí eile.

## **Maoirseacht agus Rialuithe Inmheánacha**

Baineadh comhaontú maoirseachta amach don bhliain 2018 leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus shínigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin é thar ceann an Bhoird Athbhreithnithe. Sa Chomhaontú sin, mar gheall ar neamhspleáchas reachtúil an Bhoird, a lú atá an Bord agus feidhmeanna cúnga reachtaíochta an Chathaoirligh, comhaontaíodh go gcuirfeadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, seachas an Cathaoirleach, an Ráiteas Comhlíonta faoi bhráid an Aire *i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016*. Chuir an Roinn an fhoráil 'Comhlíon nó Mínigh' den *Chód Cleachtais* i bhfeidhm maidir leis an mBord Athbhreithnithe.

Maidir le rialuithe inmheánacha agus bainistíocht riosca, déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin measúnú ar phríomhrioscaí an Bhoird gach bliain agus cuirtear aon riosca a sainithnítear san áireamh le Clár Rioscaí an Bhoird. Meastar gurb indéanta don Bhord a Aonad Iniúcháireachta nó a Choiste Iniúcháireachta agus Riosca féin a bhunú. Ina ionad sin, cuireadh socruithe malartacha i bhfeidhm ionas go mbeidh an Bord ábalta teacht ar Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca na Roinne maidir le rialachas airgeadais.

Ní éilíonn reachtaíocht bhunaidh ar an mBord Athbhreithnithe Ráitis Airgeadais a tháirgeadh. Oibríonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le hIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thuiriscíonn ar ioncam agus caiteachas an Bhoird i dtuarascálacha míosúla bainistíochta na Roinne. Coimeádann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na tuarascálacha míosúla

faoi athbhreithniú agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go n-údaraitear caiteachas i gcomhréir le treoirlínte na Roinne.

Foilsíonn an Bord Athbhreithnithe staitisticí ábhartha, áfach, a bhaineann lena haschur ina Thuarascáil Bhliantúil a chuirtear isteach chuig an Roinn agus a fhoilsítear ar a láithreán gréasáin. Agus aird ar mhéid an Bhoird Athbhreithnithe agus an bonn reachtúil atá lena sainchúram nach n-athraíonn mura leasaítear an reachtaíocht, ní mheastar gur gá don Bhord plean straitéiseach a ullmhú.

Maidir le soláthar, déantar gach comórtas a dtugann an Bord Athbhreithnithe faoi i gcomhar le Grúpa Straitéise Soláthair na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus cloíonn an Bord leis na beartais agus treoirlínte soláthair seirbhíse poiblí go léir.

**Nóta:**

Tá comhdhlúthú riaracháin an Achta um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, a d'ullmhaigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí;

Nósanna imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) agus


Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dlí do Mheabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil), 2006

Ar fáil ar an láithreán gréasáin an Bhoird ([www.mhclrb.ie](http://www.mhclrb.ie)).



**Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa 2018/2017**

Mí	Líon na nÉisteachtaí 2018	% den Iomlán In 2018	Líon na nÉisteachtaí 2017	% den Iomlán In 2017
Eanáir	22	12%	16	8%
Feabhra	6	3%	16	8%
Márta	10	5%	21	11%
Aibreán	21	11%	13	7%
Bealtaine	19	10%	11	6%
Meitheamh	21	11%	17	9%
Iúil	8	4%	16	8%
Lúnasa	15	8%	22	12%
Meán Fómhair	16	9%	5	4%
Deireadh Fómhair	19	10%	10	5%
Samhain	22	12%	22	12%
Nollaig	9	5%	18	10%
<b>Iomlán</b>	<b>188</b>	<b>100%</b>	<b>187</b>	<b>100%</b>



**Líon na nOthar a Athbhreithníodh de réir Diagnóise in 2018/2017**

Diagnóis	Líon othar a athbhreithníodh In 2018	% den Iomlán In 2018	Líon othar a athbhreithníodh In 2017	% den Iomlán In 2017
Scitsifréine	60	67%	56	67%
Neamhord Scitseamothachtálach	15	17%	14	17%
Neamhoird eile	14	16%	13	16%
<b>Iomlán</b>	<b>89</b>	<b>100%</b>	<b>83</b>	<b>100%</b>

**I measc na Neamhord Eile, tá na neamhoird seo a leanas:**

Neamhord Mothachtálach Dé-Pholach

Dúlagar síceoiseach

Neamhord de chuid speictream an uathachais

Siondróm Asperger


Neamhord Giúmair

Síocóis Mhothachtálach

Neamhord Pearsantachta Orgánach


Síocóis Orgánach

Neamhord Dúlagair Athfhillteach Trom le Gnéithe Síocóiseacha




**Líon na nÉisteachtaí de réir Shaghas an Athbhreithnithe in 2018/2017**

Cineál Athbhreithnithe	Líon na nAthbhreithnuithe 2018	% den Iomlán In 2018	Líon na nAthbhreithnuithe 2017	% den Iomlán In 2017
An 1ú hAthbhreithniú	13	7%	15	8%
An 2ra-5ú hAthbhreithniú	38	20%	39	21%
An 6ú-10ú hAthbhreithniú	48	25%	45	24%
An 11ú-15ú hAthbhreithniú	28	15%	25	14%
An 16ú-20ú hAthbhreithniú	16	9%	14	7%
An 21ú-25ú hAthbhreithniú	12	6%	35	19%
An 26ú-27ú hAthbhreithniú	17	9%	14	7%
An 28ú-30ú hAthbhreithniú	16	9%		
<b>Iomlán</b>	<b>188</b>	<b>100%</b>	<b>187</b>	<b>100%</b>



**Líon na nÉisteachtaí in 2018/2017 in aghaidh an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú**

Alt den Acht 2006	Líon na nÉisteachtaí 2018	% den Iomlán In 2018	Líon na nÉisteachtaí 2017	% den Iomlán In 2017
Alt 4(3)	3	2%	4	2%
Alt 4(5)	13	7%	10	5%
Alt 5(2)	144	76%	135	72%
Alt 5(3)			1	1%
Alt 15(1)	2	1%	3	2%
Alt 15(2)	25	13%	32	17%
Alt 15(5)	1	1%	2	1%
<b>Iomlán</b>	<b>188</b>	<b>100%</b>	<b>187</b>	<b>100%</b>



**Meánlín na gCásanna Sannta d'Ionadaithe Dí  
ar an bPainéal um Chúnamh Dí in 2018/2017**

Bliain	Líon na nIonadaithe Díthiúla ar an bPainéal	Méanlín na gcásanna sannta	Méanlín na gcásanna sannta Ceathairíl Uachtarach	Méanlín na gcásanna sannta An 2ra agus 3ú Ceathairíl	Méanlín na gcásanna sannta An Bhuncheathairíl
2018	27*	7	13	8	1
2017	27**	7	11	8	2

\* Ceapadh dhá bhall eile don phainéal le linn 2018 agus d'éirigh ball amháin as. Cuireadh an ball a d'éirigh as san áireamh sna figiúirí don bhliain 2018 mar sannadh cásanna dó le linn na bliana. Ag deireadh 2018 ba ionann líon na mball agus 26.

\*\* Ceapadh ball eile don phainéal le linn 2017 agus d'éirigh dhá bhall as. Cuireadh baill a d'éirigh as san áireamh sna figiúirí don bhliain 2017 mar sannadh cásanna dóibh le linn na bliana. Ag deireadh 2017 ba ionann líon na mball agus 25.

**Líon na nOthar a Scaoileadh  
ar Choinníoll in 2018/2017**

<b>Mí an Ordaithe Scaoilte ar Choinníoll</b>	<b>Líon na nOthar 2018</b>	<b>Líon na nOthar 2017</b>
<b>Eanáir</b>		1
<b>Feabhra</b>	1	
<b>Márta</b>		2
<b>Aibreán</b>	1	
<b>Bealtaine</b>		1
<b>Meitheamh</b>	2	
<b>Iúil</b>	2	
<b>Iomlán</b>	<b>6</b>	<b>4</b>

**Cion nó cion líomhnaithe is tromchúisí na n-othar a rinneadh a gcoinneáil a athbhreithniú in 2018**

Cineál Ciona nó Ciona Líomhnaithe	Líon na n-othar a cúisíodh, nó a ciontaíodh i leith ciona	
<b>Dúnmharú</b> ar dhuine muinteartha é an t-íospartach ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach ina raibh an t-íospartach ina strainséir	<b>37</b>	22 8 7
<b>Iarracht ar Dhúnmharú/Dúnorgan/Tiomáint chontúirteach ba chúis leis an mbás</b> ar dhuine muinteartha é an t-íospartach/ina raibh aithne ina raibh an t-íospartach ina strainséir	<b>10</b>	7 3
<b>Ionsaí is cúis le díobháil/díobháil thromchúiseach choirp</b> ar dhuine muinteartha é an t-íospartach ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach ina raibh an t-íospartach ina strainséir	<b>26</b>	6 4 16
<b>Coirloscadh</b>	<b>5</b>	
<b>Eile</b>	<b>11</b>	
<b>Iomlán</b>	<b>89</b>	

**Nóta:**

- 1) Rinneadh othair a ciontaíodh i(n), nó a cúisíodh le ní ba mhó ná cion/cion líomhnaithe amháin, a chatagóiriú de réir an chiona/an chiona líomhnaithe ba thromchúisí.
- 2) Bhain ní ba mhó ná íospartach amháin leis na cionta lenar cúisíodh othar nó inar ciontaíodh iad i mionlach na gcásanna.
- 3) Áirítear leis an gcatagóir “**Eile**” ionsaí gnéasach, bagairt chun duine a mharú, ciapadh, srianadh neamhdhleathach, iarracht ar leanbh a fhuadach, treaspás a dhéanamh agus seilbh ar scian leis an gcuspóir díobháil a dhéanamh, seilbh ar sceana imeaglú, agus bagairt chun stáisiún Garda a chur trí thine.